# *Music Generation* Chiarraí - Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca

Is seirbhís Oideachais Ceoil é *Music Generation Chiarraí* a chuireann réimse cláir oideachais ceoil ar fáil do rannpháirtithe idir 0 agus 18 mbliana d'aois.

I gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, faoi 'Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí 2017', faoin Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), faoi na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017 agus faoi Threoir TUSLA maidir le hullmhú na Ráiteas um Chumhdach Leanaí, chomhaontaigh Coiste *Music Generation* an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a leagtar amach sa doiciméad seo.

1. Tá *Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* na Roinne glactha ag *Music Generation Chiarraí* agus cuirfidh siad chun feidhme iad gan mhodhnú mar chuid den ráiteas foriomlán seo um Chumhdach Leanaí.

2. Teagmhálaí Ainmnithe (DLP): Deirdre Johnson

3. Leas-Teagmhálaí (Leas-DLP): Seamus Whitty

4. Aithníonn Coiste *Music Generation* Chiarraí go mbíonn feidhm ag cúinsí cosanta agus leasa leanaí ar ghnéithe uile shaol na scoile agus nach mór iad a léiriú i ngach polasaí, nós imeachta, cleachtas agus gníomhaíocht de chuid na scoile. Cloífidh *Music Generation Chiarraí* leis na prionsabail dea-chleachtais seo a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí ina chuid polasaithe, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíochtaí:

Déanfaidh *Music Generation* Chiarraí an méid seo a leanas:

- a aithint go bhfuil cosaint agus leas leanaí ríthábhachtach, beag beann ar na cúinsí eile ar fad;
- a dhualgais reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus faoi aon reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí a chomhlíonadh go hiomlán;
- comhoibriú go hiomlán le húdaráis reachtúla i dtaca le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun gur lú an seans go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí agus chun oibrithe a chosaint ón ngá rioscaí a ghlacadh nach bhfuil gá leo lena bhféadfadh go gcuirfí mí-úsáid nó faillí ina leith;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus
- lán-mheas a léiriú ar na ceanglais rúndachta maidir le dul i ngleic le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh *Music Generation Chiarraí* freisin leis na prionsabail thuas i dtaca le haon rannpháirtí fásta le leochaileacht ar leith.

1 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- I dtaca le haon bhall foirne atá ina ábhar d'aon imscrúdú (cibé cuma a dtuairiscítear é) i leith aon ghnímh, aon easnaimh nó aon chúinse maidir le leanbh a bheadh ag freastal ar an scoil, cloíonn *Music Generation Chiarraí* leis na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017 agus leis na nósanna imeachta smachta ábhartha a comhaontaíodh d'fhoireann *Music Generation Chiarraí* atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais.

- I dtaca le foireann a roghnú nó a earcú agus oiriúnacht na foirne le bheith ag obair le leanaí, cloíonn *Music Generation Chiarraí* le ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012-2016 (Leanaí agus Daoine Soghonta) agus leis an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus i gciorcláin earcaíochta arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus atá ar fáil ar a suíomh gréasáin.

- I dtaca le soláthar faisnéise agus, nuair is gá, treorach agus oiliúna, don fhoireann i dtaca le heachtra díobhála a aithint (mar a shainmhínítear san Acht 2015), tá an méid seo a leanas á dhéanamh ag *Music Generation Chiarraí* -

  - Tá cóip de Ráiteas *Music Generation Chiarraí* um Chumhdach Leanaí curtha ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntítear go gcuirtear Ráiteas *Music Generation Chiarraí* um Chumhdach Leanaí ar fáil do gach ball foirne
  - Spreagtar an fhoireann leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagtar baill an Choiste leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn *Music Generation Chiarraí* taifid den oiliúint foirne agus bhaill an Choiste

- I dtaca le hábhar imní faoi chúrsaí cosanta leanaí a thuairisciú do TUSLA, ceanglaítear ar fhoireann *Music Generation Chiarraí* uile cloí leis na nósanna imeachta a leagtar amach sna Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017, lena n-áirítear i gcás oidí ceoltóirí, iad siúd i dtaca le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Tá an DLP thuasainmnithe ceaptha ag Coiste *Music Generation Chiarraí* mar an "duine ábhartha" (mar a shainmhínítear san Acht um Thus Áite do Leanaí 2015) le bheith mar an chéad phointe teagmhála i ndáil le ráiteas *Music Generation Chiarraí* um chumhdach leanaí.

- Tá gach Oide Ceoltóirí atá fostaithe ag *Music Generation Chiarraí* sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- I gcomhréir leis a Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le hAguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne *Music Generation Chiarraí* measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus iad ag freastal ar chláir de chuid *Music Generation* nó ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí de chuid *Music Generation*. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a aithníodh agus nósanna imeachta *Music Generation Chiarraí* chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo tríd an gcuid ábhartha de shuíomh gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí nó cuirfidh *Music Generation Chiarraí* ar fáil iad arna iarraidh sin.

2 Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus cuireadh ar fáil iad

do bhaill foirne uile *Music Generation Chiarraí* agus dá scoileanna agus eagraíochtaí comhpháirtíochta arna iarraidh sin. Is féidir le tuismitheoiri agus caomhnóirí teacht air go héasca arna iarraidh sin. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do TUSLA agus don Roinn arna iarraidh amhlaidh.

3 Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí gach bliain nó a luaithe agus is indéanta tar éis aon athrú ábhartha maidir le haon ní dá dtagraítear sa ráiteas seo.

Ghlac Coiste *Music Generation* an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí an 5ú Bealtaine 2022

Déanfaidh Coiste *Music Generation* athbhreithniú ar an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí an ___________

Sínithe: Deirdre Ferris (May 10, 2022 15:52 GMT+1)

Cathaoirleach Choiste *Music Generation*

Dáta: 10 Bealtaine, 2022

Sínithe: Deirdre Johnson
Deirdre Johnson (May 9, 2022 14:53 GMT+1)

Rúnaí Choiste *Music Generation*

Dáta: 9 Bealtaine, 2022

## Measúnú Riosca don Chumhdach Leanaí

### Measúnú Scríofa maidir le Riosca *Music Generation* Chiarraí

I gcomhréir le cuid 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le ceanglais Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017*, tá an méid seo a leanas ina Measúnú Scríofa Riosca ar *Music Generation* Chiarraí.

**1. Liosta ghníomhaíochtaí na scoile**

| |
|---|
| Teacht agus imeacht laethúil na ndaltaí |
| Teagasc ar Líne |
| Teagasc sa seomra ranga |
| Teagasc duine le duine |
| Gníomhaíochtaí faoin aer |
| Gníomhaíocht Spóirt |
| Turais MG Chiarraí |
| Turais MG Chiarraí ina bhfantar thar oíche |
| Turais MG Chiarraí ina dtaistealaítear thar lear |
| Úsáid láithreacha leithris/feistis/cithfholctha in Ionaid MG Chiarraí |
| Imeachtaí tiomsaithe airgid le daltaí |
| Úsáid saoráidí seachtracha do ghníomhaíochtaí MG Chiarraí |
| Socruithe iompair MG Chiarraí |
| Bainistíocht ar iompar dúshlánach i measc daltaí, le húsáid iomchuí srian briathartha agus/nó srian fisiciúil/neamhfhisiciúil nuair is gá |
| Cógas a Thabhairt |
| Cóireáil Gharchabhrach a Thabhairt |
| Dul i ngleic le bulaíocht i measc daltaí agus í a chosc |

**2. Tá an riosca díobhála seo a leanas aitheanta ag an scoil i leith a gníomhaíochtaí –**

| Uimh. | Riosca Aitheanta | Leibhéal an Riosca Aitheanta | Nós Imeachta atá i bhFeidhm chun an riosca aitheanta a Bhainistiú. |
|---|---|---|---|
| ✔ 1. | ✔ Níl riosca díobhála á aithint ag foireann MG Chiarraí | ✔ Meánleibhéal | ✔ Cuirtear cóip de Ráiteas MG Chiarraí um Chumhdach Leanaí ar fáil d'fhoireann uile MG Chiarraí<br>✔ Ceanglaítear ar fhoireann MG Chiarraí cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015<br>✔ Tá oiliúint TUSLA i leith Chosaint/Cumhdach Leanaí déanta ag an bhfoireann ar fad agus moltar dóibh tabhairt faoi oiliúint PDST ar líne. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Riosca díobhála nach bhfuil foireann MG Chiarraí ag tuairisciú i gceart agus go pras. | Meánleibhéal | ✔ Cuirtear cóip de Ráiteas MG Chiarraí um Chumhdach Leanaí ar fáil d'fhoireann uile MG Chiarraí<br>✔ Cuirtear cóip de Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017 ar fáil d'fhoireann uile MG Chiarraí<br>✔ Ceanglaítear ar fhoireann MG Chiarraí cloí le Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | agus ceanglaítear ar an bhfoireann chláraithe teagaisc uile cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015<br>✔ Tá Oiliúint TUSLA maidir le Cosaint/Cumhdach Leanaí déanta ag an bhfoireann ar fad agus spreagtar iad tabhairt faoi oiliúint PDST ar líne |
| **3.** | Riosca go ndéanfadh foireann MG Chiarraí díobháil do leanbh in MG Chiarraí | Íseal | ✔ Cloíonn MG Chiarraí le ceanglais reachtaíocht grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha DES i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>✔ Comhlíonann MG Chiarraí le nósanna imeachta smachta a comhaontaíodh don fhoireann teagaisc |
| **4.** | Riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh in MG Chiarraí | Íseal | ✔ Polasaí a chloíonn go hiomlán le ceanglais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* na Roinne<br>✔ Tá cód iompair i bhfeidhm ag MG Chiarraí do dhaltaí agus cuirtear cóip de Leabhrán Eolais MG Chiarraí ar fáil do gach dalta mar chuid d'ionduchtú na ndaltaí |
| **5.** | Riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir chuig MG Chiarraí díobháil do leanbh in MG Chiarraí | Ard | ✔ Ní mór do gach Oibrí Deonach agus Cuairteoir síniú isteach.<br>✔ Ní fhágtar oibrí deonach ná cuairteoir leo féin le leanbh.<br>✔ Tá Polasaí ag MG Chiarraí i leith cuairteoirí/ aoichainteoirí / oibrithe deonacha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | Riosca go ndéanfadh ball foirne MG Chiarraí, ball foirne d'eagraíocht eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí amuigh ó láthair MG Chiarraí, mar shampla ar thuras MG Chiarraí nó ag imeacht léirithe | Ard | ✔ Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag MG Chiarraí i ndáil le turais MG Chiarraí.<br>✔ Bíonn tionlacan Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí nó foireann chleamhnaithe eile leis na daltaí i comhair cuid de thréimhse an tsocrúcháin.<br>✔ Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag MG Chiarraí maidir le daoine seachtracha a úsáid mar fhorlíonadh le haghaidh sheachadadh an churaclaim. Tá grinnfhiosrúchán déanta ag na Gardaí ar an bhfoireann teagaisc uile Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a bhíonn ag tionlacan daltaí ar thurais nó ag imeachtaí spóirt MG Chiarraí |
| **7.** | Riosca díobhála i ngeall ar bhulaíocht déanta ar leanbh | Íseal | Tá Polasaí Frith-Bhulaíochta ag MG Chiarraí a chloíonn go hiomlán le G*násanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* na Roinne |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8.** | Riosca díobhála i ngeall ar mhaoirseacht easnamhach ar leanaí ar scoil | Íseal | ✔ Bíonn róta i bhfeidhm ag MG Chiarraí nuair atá baill foirne as láthair. |
| **9.** | Riosca díobhála i ngeall ar mhaoirseacht easnamhach ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí amuigh ó láthair MG Chiarraí | Meánleibhéal | ✔ Déanann foireann MG Chiarraí maoirseacht ar na gníomhaíochtaí MG Chiarraí amuigh ón láthair. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **10.** | Riosca díobhála i ngeall ar ghaol/cumarsáid mhí-oiriúnach idir leanbh agus leanbh eile nó duine fásta | Ard | ✔Cuirtear cóip de *Ráiteas MG Chiarraí um Chumhdach Leanaí* ar fáil d'fhoireann uile MG Chiarraí<br>✔Cuirtear cóip de *Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017* ar fáil d'fhoireann uile MG Chiarraí<br>✔Ceanglaítear ar fhoireann MG Chiarraí cloí le *Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017* agus ceanglaítear ar an bhfoireann chláraithe teagaisc uile cloí leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*<br>✔ Tá oiliúint TUSLA i leith Chosaint/Cumhdach Leanaí déanta ag an bhfoireann ar fad agus moltar dóibh tabhairt faoi oiliúint PDST ar líne. |
| **11.** | Riosca díobhála i ngeall ar leanaí ag fáil rochtain mhí-oiriúnach ar ríomhairí, ar mheáin shóisialta, ar ghutháin, agus ar ghléasanna eile, agus ag baint úsáid mhí-oiriúnach astu, agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí MG Chiarraí | Ard | ✔ Cloíonn MG Chiarraí le polasaí TFC Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i ndáil le húsáid TFC ag daltaí<br>✔ Cloíonn MG Chiarraí le polasaí guthán póca Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i ndáil le húsáid na nguthán póca ag daltaí<br>✔ Tá córas maoirseachta Jampf i bhfeidhm do Threalamh Teicneolaíochta Ceoil *Music Generation Chiarraí* |
| **12** | Riosca díobhála i ngeall ar chód easnamhach iompair. | Íseal | ✔ Cloíonn *Music Generation* le Cód Iompair Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. |
| **13.** | Riosca díobhála i gcás teagasc, comhairleoireacht, cóitseáil duine le duine | Meánleibhéal | ✔ Cloíonn MG Chiarraí le ceanglais reachtaíocht grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha DES i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>✔ Comhlíonann MG Chiarraí Cóid Iompair Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí d'fhoireann MG Chiarraí (an fhoireann teagaisc agus neamh-theagaisc) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ✔ Comhlíonann MG Chiarraí le nósanna imeachta smachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a comhaontaíodh don fhoireann teagaisc |
| **14.** | Riosca díobhála arb é is cúis leis ná ball d'fhoireann MG Chiarraí ag déanamh cumarsáid le daltaí trí na meáin shóisialta, trí théacsáil, trí ghléas digiteach nó ar bhealach eile | Meánleibhéal | ✔ Cloíonn MG Chiarraí le ceanglais reachtaíocht grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha DES i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>✔ Comhlíonann MG Chiarraí Cóid Iompair Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí d'fhoireann MG Chiarraí (an fhoireann teagaisc agus neamh-theagaisc)<br>✔ Comhlíonann MG Chiarraí le nósanna imeachta smachta a comhaontaíodh don fhoireann teagaisc |
| **15.** | Riosca díobhála arb é is cúis leis ná ball d'fhoireann MG Chiarraí ag fáil rochtain ar/ag scaipeadh ábhar mí-oiriúnach trí na meáin shóisialta, trí théacsáil, trí ghléas digiteach nó ar bhealach eile | Meánleibhéal | ✔ Cloíonn MG Chiarraí le ceanglais reachtaíocht grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha DES i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>✔ Comhlíonann MG Chiarraí Cóid Iompair Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí d'fhoireann MG Chiarraí (an fhoireann teagaisc agus neamh-theagaisc)<br>✔ Comhlíonann MG Chiarraí le nósanna imeachta smachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a comhaontaíodh don fhoireann teagaisc |
| **16.** | Riosca díobhála i ngeall ar úsáid saoráidí MG Chiarraí ag gníomhaireachtaí seachtracha le linn uaireanta oibríochta MG Chiarraí. | Íseal | ✔ Ní mór do gach Oibrí Deonach agus Cuairteoir síniú isteach.<br>✔ Ní fhágtar oibrí deonach ná cuairteoir leo féin le leanbh.<br>✔ Déanann gach oibrí deonach Ráiteas MG Chiarraí um Chumhdach Leanaí a shíniú agus a chur in iúl go bhfuair siad é. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **17** | Riosca díobhála i ngeall ar theacht agus imeacht laethúil daltaí lasmuigh de na huaireanta oibre. | Íseal | ✔ Cuirtear uaireanta oibre MG Chiarraí in iúl do thuismitheoirí.<br>✔ Tá nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm maidir le himeacht na bpáistí ó MG Chiarraí.<br>✔ Tá nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm maidir le glasáil agus díghlasáil na bhfoirgneamh a mbaineann MG Chiarraí úsáid astu. |

**3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí díobhála a aithníodh sa mheasúnú seo -**

Leis an measúnú riosca seo, tá a dhícheall déanta ag Coiste *Music Generation* na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a aithint a mhéid is féidir agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta sásúla i bhfeidhm chun na rioscaí a aithníodh a bhainistiú. Cé nach bhfuil sé indéanta gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag *Music Generation Chiarraí* chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéid is féidir.

Tá ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí forbartha i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, le 'Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí 2017', leis an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), leis na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017 agus le Treoir TUSLA maidir le hullmhú na Ráiteas um Chumhdach Leanaí. I dteannta na nósanna imeachta liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár rún leanaí a chumhdach agus iad ag baint leas as ár seirbhís:

- Nós imeachta maidir le bainistíocht ar líomhaintí faoi mhí-úsáid nó faoi mhí-iompar i gcoinne oibrithe/oibrithe deonacha maidir le leanbh a bhaineann leas as ár seirbhís;
- Nós imeachta le haghaidh earcaíocht agus roghnú sábháilte oibrithe agus oibrithe deonacha le bheith ag obair le leanaí.
- Nós imeachta maidir le rochtain agus fáil ar oiliúint agus eolas i dtaobh cumhdach leanaí, agus tarlú díobhála a aithint san áireamh
- Nós imeachta le haghaidh imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú do TUSLA;
- Nós imeachta maidir le liosta a choinneáil de na daoine sa tseirbhís ábhartha atá faoi shainordú;
- Nós imeachta maidir le duine ábhartha a cheapadh.

Tá gach nós imeachta ar fáil arna iarraidh sin.

**Nóta Tábhachtach** Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo le riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thus Áite do Leanaí 2015 agus nach mbaineann sé le riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de *Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017*